Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/2118(INI)

24.06.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

maidir le gnéithe institiúideacha na hintleachta saorga i gcomhthéacs lánpháirtiú na hEorpa
(2025/2118(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Lukas Mandl

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile in iúl don Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 16, 114, 173, 179, 180 agus 181 de,	– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagail 16, ***26,*** 114, 173, 179, 180 agus 181 de,

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta, a síníodh an 5 Meán Fómhair 2024,	– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga agus Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta, a síníodh an 5 Meán Fómhair 2024 ***(Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga)***,

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858,	– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858,

(AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[1],	(AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)[1],
[1] IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.	[1] IO L, 2024/1689, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1689/oj.

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 19 Samhain 2025 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689 agus (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga) (COM(2025)0836),

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 19 Samhain 2025 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024

(Omnibus Digiteach) (COM(2025)0837),

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
A. de bhrí go ***dtagraítear d'fhéiniúlacht bhunreachtúil an Aontais*** in Airteagal 2 CAE agus go ***ndlisteanítear leis grinnscrúdú*** na Parlaiminte ar an Intleacht Shaorga ***i gcás ina bhféadfadh a himscaradh difear a dhéanamh do chroíluachanna***;	A. de bhrí go ***leagtar síos*** in Airteagal 2 CAE ***na comhluachanna bunaidh ar a bhfuil an tAontas bunaithe,*** agus go ***soláthraítear leis creat bunreachtúil tábhachtach le haghaidh ghrinnscrúdú*** na Parlaiminte ar an Intleacht Shaorga ***(IS) bunaithe ar na croíluachanna sin***;

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	AA. ***de bhrí go soláthraítear leis na Conarthaí agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an bunús chun cearta bunúsacha a chosaint san Aontas; de bhrí gur creat treorach tábhachtach iad na prionsabail sin do cheapadh beartais san Aontas, lena n-áirítear i réimse na hInlteachta Saorga;***

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
B. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagail 10, 11 agus 14 CAE, go bhfuil freagracht shonrach ar an bParlaimint cuntasacht dhaonlathach, trédhearcacht agus grinnscrúdú éifeachtach ar fhorbairtí teicneolaíochta a dhéanann difear d'fheidhmiú institiúidí an Aontais a	B. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagail 10, 11 agus 14 CAE, go bhfuil freagracht shonrach ar an bParlaimint cuntasacht dhaonlathach, trédhearcacht agus grinnscrúdú éifeachtach ar fhorbairtí teicneolaíochta a dhéanann difear d'fheidhmiú institiúidí an Aontais a

áirithiú; de bhrí go bhfuil gá le creataí láidre rialachais atá bunaithe ar Chonarthaí an Aontais Eorpaigh chun an Intleacht Shaorga a fhorbairt agus a imscaradh ar bhealach sábháilte, eiticiúil agus dleathach;	áirithiú; de bhrí go bhfuil gá le creataí láidre rialachais atá bunaithe ar ***reachtaíocht an Aontais,*** ar Chonarthaí an Aontais Eorpaigh ***agus ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta*** chun an intleacht shaorga a fhorbairt agus a imscaradh ar bhealach sábháilte, eiticiúil agus dleathach;

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris B a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	BA. ***de bhrí nach mór a áirithiú le cur chuige institiúideach an Aontais i leith na hintleachta saorga go leanfaidh creataí rialála de bheith comhréireach agus nach gcruthófar leo ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo; de bhrí gur cheart le struchtúir rialachais an Aontais maidir leis an Intleachta Shaorga timpeallachtaí lena gcumasaítear an nuálaíocht a chur chun cinn go gníomhach, ar timpeallachtaí iad a chuidíonn le nuálaithe an Aontais dul san iomaíocht ar fud an domhain agus cearta bunúsacha á n-urramú; de bhrí go bhfuil cur chuige den sórt sin i leith na hintleachta saorga ríthábhachtach nach amháin ar mhaithe le hiomaíochas an Aontais ach ar mhaithe le slándáil, ceannasacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais freisin;***

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
C. de bhrí go dtugtar isteach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga an chéad chreat rialála cuimsitheach ar domhan don Intleacht Shaorga; de bhrí go bhfuil an Intleacht Shaorga ag dul chun	C. de bhrí go dtugtar isteach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga an chéad chreat rialála cuimsitheach ar domhan don Intleacht Shaorga***; de bhrí gurb é atá ann sraith láidir rialacha lena***

cinn ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lena ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an riarachán poiblí agus idirghníomhaíochtaí sochaíocha a athmhúnlú;	***rialaítear soláthar agus imscaradh na hintleachta saorga sa mhargadh inmheánach, lena dtacaítear leis an nuálaíocht, agus lena gcuirtear glacadh na hintleachta saorga atá duinelárnach agus iontaofa chun cinn, agus lena leagtar síos ardchaighdeán ar fud an domhain***; de bhrí go bhfuil an Intleacht Shaorga ag dul chun cinn ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, lena ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an riarachán poiblí agus idirghníomhaíochtaí sochaíocha a athmhúnlú;

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	CA. ***de bhrí go dtugtar isteach leis an Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga bearta simpliúcháin spriocdhírithe chun cur chun feidhme tráthúil, rianúil agus comhréireach forálacha áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a áirithiú; de bhrí go ndéantar iniúchadh breise sa togra ar leithligh le haghaidh an Omnibus Dhigitigh ar an ngá atá le soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí sonraí pearsanta a úsáid le haghaidh oiliúint agus forbairt na hintleachta saorga; de bhrí go léirítear leis an dá thogra an gá atá le creat dlíthiúil an Aontais a oiriúnú d'fhonn an intleacht shaorga a chur chun cinn go tapa san Aontas agus ar fud an domhain;***

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris CB

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

CB. ***de bhrí go moltar i gCreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga rialacha chun a áirithiú go gcloífidh córais intleachta saorga le hardchaighdeáin eiticiúla ar feadh a saolré, chun trédhearcacht, in-iniúchóireacht agus formhaoirseacht éifeachtach a chur chun cinn, agus chun coimircí a neartú d'fhonn cearta bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint; de bhrí go gcuirtear chun cinn leis an gCreat-Choinbhinsiún, atá ar oscailt d'aontachas ag tíortha nach tíortha Eorpacha iad, bonnlíne dhomhanda maidir le rialachas na hIntleachta Saorga atá dírithe ar chearta a chosaint; de bhrí go ndéantar na prionsabail agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Choinbhinsiún a chur chun feidhme cheana ar leibhéal an Aontais le corpas comhleanúnach reachtaíochta atá ann cheana lena leagtar síos leibhéal cosanta níos airde agus níos mionsonraithe, lena n-áirítear, go háirithe, an Gníomh um an Intleacht Shaorga;***

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris CC

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	CC. ***de bhrí go bhfuil sé fíor-riachtanach IS iontaofa agus duinelárnach a chothú chun iomaíochas, acmhainneacht nuálaíochta, ceannasacht theicneolaíoch agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú i dtimpeallacht dhomhanda atá ag éirí níos iomaíche;***

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris E

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
E. de bhrí go bhfuil ról dlisteanach ag an bParlaimint, mar institiúid dhaonlathach ionadaíoch an Aontais Eorpaigh, maidir le rannchuidiú leis an bplé domhanda sin, i gcomhréir le hAirteagail 10, 11 agus 13 CAE, agus go bhfuil freagracht uirthi cuntasacht dhaonlathach agus comhleanúnachas institiúideach i rannpháirtíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh a choimirciú;	E. de bhrí go bhfuil ról dlisteanach ag Parlaimint na hEorpa, mar institiúid dhaonlathach ionadaíoch an Aontais ***a thoghtar go díreach***, maidir le rannchuidiú leis an bplé domhanda sin, i gcomhréir le hAirteagail 10, 11 agus 13 CAE, agus go bhfuil freagracht uirthi cuntasacht dhaonlathach agus comhleanúnachas institiúideach i rannpháirtíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh a choimirciú***, agus ag an am céanna cumas cuideachtaí teicneolaíochta Eorpacha a choimirciú chun IS a fhorbairt agus a chur in úsáid, nuálaíocht, iomaíochas agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa a chothú, chomh maith le cearta bunúsacha agus an dlíchóras a chosaint***;

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
H. de bhrí go mbeidh sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí domhanda na hIntleachta Saorga ar leibhéal an Aontais, i ndlúthchomhar le hOifig Eorpach um Intleacht Shaorga an Choimisiúin, leis an mBord Eorpach um Intleacht Shaorga agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit***,*** malartuithe rialta a choinneáil ar bun ***leis*** na parlaimintí náisiúnta, agus forluí agus bearnaí trasearnála a d'fhéadfadh a bheith i gcreat dlíthiúil an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga a shainaithint; de bhrí ***gur cheart go mbeadh*** ról lárnach ***ag Faireachlann AE um an Intleacht Shaorga de chuidPharlaimint na hEorpa atá beartaithe i ndáil leis*** sin;	H. de bhrí go mbeidh sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí domhanda san intleacht shaorga ar leibhéal an Aontais ***agus ar leibhéál na mBallstát***, i ndlúthchomhar leis an Oifig um Intleacht Shaorga de chuid an Choimisiúin, leis an mBord Eorpach um an Intleacht Shaorga agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit agus malartuithe rialta a choinneáil ar bun ***idir Parlaimint na hEorpa agus*** na parlaimintí náisiúnta, agus forluí agus bearnaí trasearnála a d'fhéadfadh a bheith i gcreat dlíthiúil an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga a shainaithint ***d'fhonn comhleanúnachas, deimhneacht dhlíthiúil agus cur chun feidhme atá fabhrach don nuálaíocht a fheabhsú ar fud an Aontais***; de bhrí ***go bhféadfadh iarrachtaí na Parlaiminte a hacmhainneacht anailísíochta agus rialachais a bhaineann leis*** an Intleacht

Shaorga ***a fheabhsú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí aonad tiomnaithe riaracháin a bhunú, cur le hobair na Meithle um an nGníomh um an Intleacht Shaorga, agus leanúint de*** ról lárnach ***a bheith acu i rialachas IS institiúideach na Parlaiminte maidir le cuntasacht agus inmhínitheacht impleachtaí na gcóras IS a chuirtear in úsáid laistigh den institiúid; de bhrí go bhféadfadh sé*** sin ***rannchuidiú freisin le leibhéal leormhaith litearthachta IS a bhaint amach i measc fhoireann na Parlaiminte; de bhrí gur cheart don aonad riaracháin sin cur le taithí an Phainéil um Thodhchaí na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (STOA), a bunaíodh mar chomhlacht buan in 1988 agus a bhfuil IS ar cheann dá phríomhthosaíochtaí téamacha, chomh maith le Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS)***;

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris H a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	HA. ***de bhrí gur chuir an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) sa Pharlaimint, in éineacht leis an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), Meitheal Chomhpháirteach IMCO-LIBE um Chur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga (Meitheal um an nGníomh um an Intleacht Shaorga) ar bun, ar meitheal í a fheidhmíonn mar ardán le haghaidh malartú leis an gCoimisiún, go háirithe lena Oifig um Intleacht Shaorga, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, maidir le staid na himeartha i ndáil le cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus chun faireachán níos leithne a dhéanamh ar fhorbairtí san***

	intleacht shaorga;

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris I

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
I. de bhrí go gcáileodh Faireachlann AE um an Intleacht Shaorga de chuid Pharlaimint na hEorpa atá beartaithe mar chomhlacht de chuid an Aontais a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dó chuig cruinnithe Bhord na hIntleachta Saorga, i gcomhréir le hAirteagal 65(2) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga;	***scriosta***

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris J

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
J. de bhrí gur féidir tacú le grinnscrúdú parlaiminteach trí mheán na hintleachta saorga ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh trí neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú agus deacrachtaí athfhillteacha na Parlaiminte maidir le rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha a mhaolú, chomh maith le rannchuidiú le feabhas a chur ar phróisis reachtacha an Aontais;	J. de bhrí gur féidir tacú le grinnscrúdú parlaiminteach trí mheán na hintleachta saorga***, faoi mhaoirseacht éifeachtach dhaonna,*** ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais Eorpaigh trí neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú agus deacrachtaí athfhillteacha na Parlaiminte maidir le rochtain a fháil ar na sonraí ábhartha a mhaolú, chomh maith le rannchuidiú le feabhas a chur ar phróisis reachtacha an Aontais***, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an ngrinnscrúdú sin a chuíchóiriú agus é a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos freagrúla***;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris Ja (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	JA. ***de bhrí gur féidir le húsáid fhreagrach córas IS feabhas a chur ar cháilíocht, inrochtaineacht agus éifeachtúlacht na bpróiseas reachtach agus riaracháin trí thacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe, trí anailís ar chreataí rialála casta a éascú agus trí rochtain ar fhaisnéis atá ábhartha do ghrinnscrúdú daonlathach a fheabhsú;***

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
K. de bhrí go n-éilíonn éabhlóid thapa theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga acmhainneacht anailíseach leanúnach chun measúnú a dhéanamh ar a n-impleachtaí institiúideacha, daonlathacha agus dlíthiúla d'fheidhmiú an Aontais; de bhrí gur cheart don Pharlaimint, dá bhrí sin, a saineolas inmheánach agus a hacmhainneachtaí faireacháin sa réimse sin a neartú;	K. de bhrí go n-éilíonn éabhlóid thapa theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga acmhainneacht anailíseach leanúnach chun measúnú a dhéanamh ar a n-impleachtaí institiúideacha, daonlathacha agus dlíthiúla d'fheidhmiú an Aontais; de bhrí gur cheart don Pharlaimint, dá bhrí sin, a saineolas inmheánach agus a hacmhainneachtaí faireacháin sa réimse sin a neartú ***– lena n-áirítear trí oiliúint chríochnúil maidir le litearthacht intleachta saorga – agus tacú le húsáid eolasach, éifeachtúil agus fhreagrach teicneolaíochtaí IS***;

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris K a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	KA. ***de bhrí go bhfuil an baol ann go gcruthóidh éagsúlachtaí i léirmhínithe náisiúnta agus i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga ilroinnt rialála, rud is cúis le héiginnteacht dhlíthiúil agus a chruthaíonn bacainní ar imscaradh trasteorann IS laistigh den mhargadh***

	inmheánach, go háirithe do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta atá ag feidhmiú ar fud roinnt Ballstát; de bhrí gur féidir le IS, faoi mhaoirseacht dhaonna iomchuí, acmhainneacht na Parlaiminte a neartú maidir le grinnscrúdú éifeachtach agus fianaisebhunaithe a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais trí neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú, trí fheabhas a chur ar an anailís ar fhaisnéis ábhartha agus trí chabhrú le haghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí athfhillteacha maidir le rochtain a fháil ar na sonraí is gá le haghaidh formhaoirseacht dhaonlathach;

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris L

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
L. de bhrí go bhfuil feachtasaíocht toghcháin agus cumarsáid pholaitiúil á n-athrú ó bhonn mar gheall ar imscaradh tapa theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga; de bhrí go bhféadfadh na teicneolaíochtaí sin cur isteach ar shláine na bpróiseas toghcháin agus an bonn a bhaint ***den mhuinín*** as institiúidí daonlathacha, lena n-áirítear i gcomhthéacs na dtoghchán Eorpach;	L. de bhrí go bhfuil feachtasaíocht toghcháin agus cumarsáid pholaitiúil á n-athrú ó bhonn mar gheall ar imscaradh tapa theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga***, agus gur minic a bhíonn costas an-íseal ag baint leis sin***; de bhrí go bhféadfadh na teicneolaíochtaí sin cur isteach ar shláine na bpróiseas toghcháin agus an bonn a bhaint ***ón muinín*** as institiúidí daonlathacha, ***go háirithe i gcás ina mbaineann gníomhaithe naimhdeacha leas astu,*** lena n-áirítear i gcomhthéacs na dtoghchán Eorpach;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris M a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	MA. ***de bhrí go ndéantar foráil le hAirteagal 77 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga maidir le ról lárnach***

	d'údaráis phoiblí náisiúnta nó do chomhlachtaí poiblí náisiúnta maoirseacht nó forfheidhmiú a dhéanamh ar urramú na n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais lena gcosnaítear cearta bunúsacha, lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealaithe;

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1a. ***á chur i bhfáth nár cheart go gcruthódh imscaradh tapa ardchóras IS limistéir dhlíthiúla a bhfuil easpa soiléireachta ina dtaobh ná go lagódh sé forfheidhmiú na ndlíthe atá ann cheana; ag cur béim ar an bhfíoras nár cheart don nuálaíocht theicneolaíoch dochar a dhéanamh riamh don smacht reachta, don tslándáil phoiblí ná don chuntasacht dhaonlathach; á iarraidh ar struchtúir rialachais IS an Aontais sásraí a ionchorprú chun comhairliúchán struchtúrtha le nuálaithe Eorpacha a chumasú agus ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé ríthábhachtach nuálaíocht IS a chothú, ní hamháin chun iomaíochas an Aontais a neartú ach freisin chun a shlándáil, a cheannasacht theicneolaíoch agus a uathriail straitéiseach a choimirciú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear an Gníomh um an Intleacht Shaorga chun feidhme ar bhealach córasach agus trédhearcach;***

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. á athdhearbhú nach mór cur chuige an Aontais i leith na hIntleachta Saorga a	2. á athdhearbhú nach mór cur chuige an Aontais i leith na hIntleachta Saorga a

ailíniú go hiomlán leis na luachanna dá bhforáiltear faoi Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha, agus nach mór imscaradh na hIntleachta Saorga laistigh d'institiúidí a bheith ***dírithe ar*** an duine i gcónaí;	ailíniú go hiomlán leis na luachanna dá bhforáiltear faoi Airteagal 2 CAE, lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha, agus nach mór imscaradh ***agus úsáid*** na hIntleachta Saorga laistigh d'institiúidí a bheith ***faoi fhormhaoirseacht iomlán*** an duine i gcónaí***, rud a chiallaíonn nach mór do dhuine nádúrtha maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar aon uirlis IS agus í in úsáid, agus ar an gcaoi sin muinín na saoránach as institiúidí daonlathacha agus as an riarachán poiblí a neartú***;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
4. á iarraidh go mbeadh idirphlé idirinstitiúideach struchtúrtha ***agus*** rialta ann idir an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle maidir le himpleachtaí institiúideacha na hIntleachta Saorga;	4. á iarraidh go mbeadh idirphlé idirinstitiúideach struchtúrtha***,*** rialta ***agus trédhearcach*** ann idir an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle maidir le himpleachtaí institiúideacha na hIntleachta Saorga***, lena n-áirítear malartuithe rialta maidir le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga, comhordú riaracháin agus tionchar córas IS ar chomhleanúnachas an mhargaidh inmheánaigh***;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ***pharlaiminteach*** i bpléití domhanda maidir le rialachas na hIntleachta Saorga ***agus, dá bhrí sin,*** ag tacú ***go láidir*** le rannpháirtíocht na Parlaiminte i bhfóraim iltaobhacha amhail cruinniú mullaigh bliantúil na Náisiún Aontaithe 'An Intleacht Shaorga ar	6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ***leathan ionadaithe Eorpacha*** i bpléití domhanda maidir le rialachas na hIntleachta Saorga***; ag tacú, dá bhrí sin,*** le rannpháirtíocht na Parlaiminte i bhfóraim iltaobhacha amhail cruinniú mullaigh bliantúil na Náisiún Aontaithe 'An Intleacht Shaorga ar

mhaithe le Leas'; á aithint, trí dhul i dteagmháil ar fud an domhain le tacar soiléir luachanna agus prionsabal eiticiúil, go bhfuil an Pharlaimint ag neartú a róil dhaonlathaigh agus a hinchreidteachta, agus inniúlachtaí an Choimisiúin sa réimse á n-urramú go hiomlán agus i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, mar a shonraítear in Airteagal 13(2) CAE;	mhaithe le Leas'; á aithint, trí dhul i dteagmháil ar fud an domhain le tacar soiléir luachanna agus prionsabal eiticiúil, go bhfuil an Pharlaimint ag neartú a róil dhaonlathaigh agus a hinchreidteachta, agus inniúlachtaí an Choimisiúin sa réimse á n-urramú go hiomlán agus i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, mar a shonraítear in Airteagal 13(2) CAE;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
7. á chur i bhfios go láidir, i ré na hiomaíochta geopholaitiúla láidre, go bhfuil rannpháirtíocht na Parlaiminte i bhfóraim idirnáisiúnta bunriachtanach; á chur i bhfáth nach mór do chleachtais agus teicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga a chomhroinntear go seachtrach ***gealltanais na Parlaiminte*** maidir le trédhearcacht, inbhuanaitheacht, cosaint sonraí agus maoirseacht dhaonlathach a chomhlíonadh; ag cur béim, thairis sin, ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sistéamacha a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear ***iomadú*** siabhránachtaí, mar a thugtar orthu, a ***d'fhéadfadh*** an bonn ***a bhaint de*** chruinneas agus ***d'iontaofacht na faisnéise***, chomh maith leis an tionchar socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag an Intleacht Shaorga, go háirithe ó thaobh díláithriú post de, seachas díreach sármhaitheas teicneolaíochta a chur chun cinn;	7. á chur i bhfios go láidir, i ré na hiomaíochta geopholaitiúla láidre, go bhfuil rannpháirtíocht na Parlaiminte i bhfóraim idirnáisiúnta bunriachtanach; á chur i bhfáth nach mór do chleachtais agus teicneolaíochtaí na hIntsleachta Saorga a chomhroinntear go seachtrach ***tacú leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas agus caighdeáin láidre*** maidir le trédhearcacht, inbhuanaitheacht, ***príobháideachas agus*** cosaint sonraí ***pearsanta,*** agus ***cibearshlándáil, chomh maith le*** maoirseacht dhaonlathach a chomhlíonadh; ag cur béim, thairis sin, ar a thábhachtaí atá sé ***IS iontaofa duinelárnach a chur chun cinn agus, an tráth céanna,*** aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sistéamacha a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear siabhránachtaí, mar a thugtar orthu, ***agus ar na rioscaí a bhaineann le nimhiú IS nó ionramháil samhlacha teanga móra,*** a ***bhaineann*** an bonn ***ó*** chruinneas agus ***iontaofacht a haschuir***, chomh maith leis an tionchar socheacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag an Intleacht Shaorga, go háirithe ó thaobh díláithriú post de, seachas díreach sármhaitheas teicneolaíochta a chur chun cinn;

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. ***á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil méadú ag teacht ar an spleáchas ar chórais IS teorann neamh-Eorpacha, agus ag cur sonrú san easpa rochtana comhordaithe ar na córais sin le haghaidh meastóireacht slándála, agus sa bhearna chumais a eascraíonn as sin sa chibearchosaint atá faoi thiomáint IS, rud ar cúis imní é maidir le spleáchais straitéiseacha agus rochtain neamhshiméadrach ar bhonneagar criticiúil IS; ag tabhairt rabhaidh, de réir oifigigh slándála, gur féidir le hardsamhlacha IS ceannródaíocha a n-iompraíocht a oiriúnú go dinimiciúil, rud a chiallaíonn gur féidir iad a úsáid chun leochaileacht a aimsiú agus a shaothrú go huathoibríoch, rud a laghdaíonn go suntasach na bacainní ar chibirionsaithe sofaisticiúla, lena gcumasaítear oibríochtaí mailíseacha a scálú go tapa agus lena n-athraítear go bunúsach scála agus luas na gcibear-rioscaí; á iarraidh go mbeadh maoirseacht níos láidre agus ullmhacht láidir ann, lena n-áirítear tástáil struis rialta agus cleachtaí cásbhunaithe, chun dul i ngleic le cibirionsaithe a chumasaítear le IS agus chun aghaidh a thabhairt ar spleáchais straitéiseacha ar bhonneagar, néalseirbhísí agus bunsamhlacha neamh-Eorpacha; á chur i bhfáth nach mór don Aontas clár oibre cuimsitheach maidir le ceannasacht theicneolaíoch a shaothrú agus ardchórais IS á bhforbairt agus á n-imscaradh;***

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 8

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

8. á chur i bhfios go láidir ***gur dúshlán domhanda sistéamach í*** an Intleacht Shaorga, de bhua a scála, a luais agus a tionchair trasteorann***, agus, mar a tharla le teicneolaíochtaí claochlaitheacha níos luaithe, lena n-áirítear*** teicneolaíocht ***núicléach i lár an 20ú haois, go*** n-éilítear le rialachas freagrach ***caibidlíocht thráthúil agus bunú coinbhinsiúin nó conartha tiomnaithe idirnáisiúnta maidir leis an Intleacht Shaorga ar an leibhéal domhanda***;	8. á chur i bhfios go láidir ***go bhfuil sé d'acmhainn ag an intleacht shaorga borradh suntasach a chur faoin bhfás eacnamaíoch, táirgiúlacht a fheabhsú, agus tionscail éagsúla a athrú ó bhonn trí chúraimí a uathoibriú agus cinnteoireacht a fheabhsú; á chur i bhfáth, áfach, de bhua a scála, a luais imscartha agus a tionchair trasteorann, gur*** teicneolaíocht ***dhomhanda chlaochlaitheach í freisin a bhfuil impleachtaí fadréimseacha aici, lena*** n-éilítear rialachas freagrach;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
9. ***ag tabhairt dá haire Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga***; á mheas, i bhfianaise chineál sistéamach domhanda theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga, gur cheart ***tuilleadh machnaimh*** a dhéanamh maidir le ***creat nó coinbhinsiún iltaobhach domhanda a bhunú arb é is aidhm dó*** rioscaí sistéamacha ***a chosc*** agus cuntasacht dhaonlathach ***a áirithiú*** ar an leibhéal domhanda;	9. ***ag meabhrú Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, lena mbunaítear bonnlíne dhomhanda maidir le rialachas na hIntleachta Saorga; á thabhairt chun suntais go bhfuil leibhéal cosanta agus comhchuibhithe níos airde agus níos mionsonraithe socraithe cheana féin laistigh den mhargadh inmheánach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus le reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais; á iarraidh ar thíortha ar fud an domhain aontú leis an gCreat-Choinbhinsiún agus forbairt dhomhanda na hIntleachta Saorga atá duinelárnach agus iontaofa a chur chun cinn***; á mheas, i bhfianaise chineál sistéamach domhanda theicneolaíochtaí na hIntleachta Saorga, gur cheart ***machnamh rialta*** a dhéanamh maidir le ***comhar idirnáisiúnta agus rialachas éifeachtach cumasúcháin nuálaíochta a chur chun cinn, agus urraim do na creataí dlíthiúla atá ann cheana á háirithiú,*** rioscaí sistéamacha ***á gcosc*** agus cuntasacht dhaonlathach ***á neartú*** ar an leibhéal domhanda; ***á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart go bhfeidhmeodh***

	rannpháirtíocht an Aontais i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta chun a fhís maidir le IS, a chur chuige rialála agus a iomaíochas a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 10

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
10. á mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagail 10, 13 agus 14 CAE, go bhfeidhmíonn an Pharlaimint grinnscrúdú daonlathach ar fheidhmiú AE agus a chuid institiúidí; á chur i bhfáth go n-éilítear le himscaradh méadaitheach chórais na hIntleachta Saorga laistigh de riaracháin phoiblí agus d'institiúidí an Aontais Eorpaigh go bhfeabhsófaí acmhainneacht anailíseach na Parlaiminte chun trédhearcacht, cuntasacht dhaonlathach agus maoirseacht éifeachtach atá comhsheasmhach leis na Conarthaí a áirithiú;	10. á mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagail 10, 13 agus 14 CAE, go bhfeidhmíonn an Pharlaimint grinnscrúdú daonlathach ar fheidhmiú AE agus a chuid institiúidí; á chur i bhfáth go n-éilítear le himscaradh méadaitheach chórais na hIntleachta Saorga laistigh de riaracháin phoiblí agus d'institiúidí an Aontais Eorpaigh go bhfeabhsófaí acmhainneacht anailíseach ***agus litearthacht IS*** na Parlaiminte chun trédhearcacht, cuntasacht dhaonlathach agus maoirseacht éifeachtach atá comhsheasmhach leis na Conarthaí a áirithiú;

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
11. ***á iarraidh go mbunófaí Faireachlann AE um an Intleacht Shaorga de chuid Pharlaimint na hEorpa mar bhuanstruchtúr anailíseach laistigh de riarachán na Parlaiminte, a fheidhmeoidh*** mar sheirbhís ar fud coistí parlaiminteacha chun tacú leo in ábhair a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, lena rialachas, lena cothromaíocht institiúideach agus lena maoirseacht dhaonlathach; ***á chur i bhfáth go bhféadfaí cruthúa leithéid de acmhainneachta a eagrú laistigh de struchtúir riaracháin na***	11. ***á mholadh go bhfeabhsófaí acmhainneacht inmheánach anailíseach agus rialachais na Parlaiminte laistigh dá riarachán a bhaineann go sonrach le IS le haonad riaracháin tiomnaithe; á chur i bhfáth gur cheart don aonad cur leis an saineolas agus na seirbhísí atá ann cheana agus iad a chomhlánú, lena n-áirítear an saineolas agus na seirbhísí sin a sholáthraíonn EPRS agus STOA, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí é a eagrú ar bhealach atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de, agus gur cheart dó feidhmiú***

Parlaiminte ar bhealach atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de, ag tógáil ar an saineolas agus ar na seirbhísí atá ann cheana;	mar sheirbhís ar fud coistí parlaiminteacha chun tacú leo in ábhair a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, lena rialachas, lena cothromaíocht institiúideach agus lena maoirseacht dhaonlathach***, chomh maith le litearthacht IS agus saineolas teicniúil a neartú***; ***á thabhairt chun suntais, thairis sin, gur cheart struchtúr soiléir anailíseach agus rialachais a bheith ag an aonad chun a thosaíochtaí a threorú agus chun fothú acmhainneachta cothrománach agus ábharthacht traschoiste a áirithiú; á mholadh go bhféadfaí Faireachlann IS Pharlaimint na hEorpa a thabhairt ar an aonad***;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	11a. ***ag meabhrú na hoibre anailísí atá déanta cheana laistigh den Pharlaimint, lena n-áirítear an obair atá déanta ag an Meitheal um an nGníomh um an Intleacht Shaorga a bunaíodh chun faireachán agus grinnscrúdú a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, ar obair í lena rannchuidítear le bearnaí trasearnála, forluí agus neamhréireachtaí a shainaithint i gcreat dlíthiúil níos leithne an Aontais maidir leis an intleacht shaorga, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar dhúshláin nua a bhaineann leis an intleacht shaorga;*** *(Aistrithe ó mhír 15)*

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 11

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	***11b. á chur i bhfáth, trí acmhainneacht inmhéanach anailíseach agus rialachais na Parlaiminte a fheabhsú, go bhféadfaí rannchuidiú a thuilleadh le faireachán a dhéanamh ar rialachas, cuntasacht agus inmhínitheacht institiúideach na hIntleachta Saorga agus ar impleachtaí na gcóras intleachta saorga a imscartar san institiúid, chomh maith le rannchuidiú le leibhéal leormhaith litearthachta intleachta saorga a bhaint amach i measc a foirne, agus go bhféadfaí tacú le hobair leantach na Parlaiminte ar na conclúidí ábhartha ón gComhairle;* *(Aistrithe ó mhír 16)*

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
12. á chur i bhfáth go n-ardaítear ceisteanna tábhachtacha maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus próiseas cuí riaracháin le himscaradh méadaitheach chórais na hIntleachta Saorga laistigh de riaracháin phoiblí, lena n-áirítear institiúidí an Aontais Eorpaigh; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Pharlaimint acmhainneacht anailíseach inmheánach leordhóthanach a choinneáil chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar fhorbairtí ***dá leithéid*** chun a sainchumais institiúideacha agus a feidhmeanna maoirseachta a choimirciú agus chun a cuimhne institiúideach féin a fhorbairt sa réimse sin;	12. á chur i bhfáth ***go méadaítear éifeachtúlacht próiseas inmhéanach ach*** go n-ardaítear ceisteanna tábhachtacha maidir le trédhearcacht, cuntasacht***, slándáil córas*** agus próiseas cuí riaracháin le himscaradh méadaitheach córas intleachta saorga laistigh de riaracháin phoiblí, lena n-áirítear institiúidí an Aontais; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart don Pharlaimint acmhainneacht anailíseach inmheánach leordhóthanach a choinneáil chun measúnú neamhspléach a dhéanamh ar ***an imscaradh sin agus ar*** fhorbairtí ***gaolmhara*** chun a sainchumais institiúideacha agus a feidhmeanna maoirseachta a choimirciú agus chun a cuimhne institiúideach féin a fhorbairt sa réimse sin***, agus úsáid á baint as na seirbhísí parlaiminteacha agus as an saineolas parlaiminteach atá ann cheana i gcás inar féidir, chomh maith le smacht iomlán a choinneáil ar a cibearshlándáil***

	agus ar shlándáil na mbonneagar agus na gcóras uile; á chur i bhfáth gur cheart an iarracht sin a chomhlánú le cláir oiliúna chríochnúla maidir le litearthacht intleachta saorga; á iarraidh, thairis sin, go ndéanfaí measúnuithe rialta ar thionchar imscaradh na hIntleachta Saorga ar chearta bunúsacha agus ar phríobháideachas;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 12 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	12a. ***á thabhairt chun suntais go bhféadfadh IS acmhainneachtaí grinnscrúdaithe agus maoirseachta na Parlaiminte a neartú trí rochtain ar fhaisnéis ábhartha a éascú, trí fheabhas a chur ar an anailís ar fhorbairtí casta reachtacha agus rialála agus trí thacú le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú dhlí an Aontais; á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh úsáid fhreagrach IS rannchuidiú le neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú, comhleanúnachas reachtach a fheabhsú agus cáilíocht, éifeachtúlacht agus intuarthacht phróisis chinnteoireachta an Aontais a fheabhsú, agus cuntasacht dhaonlathach, trédhearcacht agus maoirseacht fhóinteach dhaonna á n-urramú go hiomlán an tráth céanna;***

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
13. á iarraidh go n-úsáidfí uirlisí na hIntleachta Saorga chun tacú le faireachán agus cur chun feidhme reachtaíocht an	13. á iarraidh go n-úsáidfí uirlisí na hIntleachta Saorga chun tacú le faireachán agus cur chun feidhme reachtaíocht an

Aontais Eorpaigh a glacadh cheana, ***go háirithe*** trí ***ghníomhartha*** dlíthiúla náisiúnta agus réigiúnacha a shainaithint lena n-éilítear leasú agus trí neamhréireachtaí, forluí nó rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hilroinnt dhlíthiúil a bhrath, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chomhleanúnachas dlíthiúil ar fud na leibhéal rialachais, ***aghaidh a thabhairt ar bhearnaí*** cur chun feidhme sna Ballstáit agus éifeachtacht agus intuarthacht dhlí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, ar a thábhachtaí atá ***cur chuige duinelárnach*** nuair a úsáidtear na huirlisí sin;	Aontais Eorpaigh a glacadh cheana, trí ***chuidiú le gníomhartha*** dlíthiúla náisiúnta agus réigiúnacha a shainaithint lena n-éilítear leasú agus trí neamhréireachtaí, forluí nó rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hilroinnt dhlíthiúil a bhrath, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chomhleanúnachas dlíthiúil ***agus costais a laghdú*** ar fud na leibhéal rialachais, ***cuidiú le bearnaí*** cur chun feidhme sna Ballstáit ***a shainaithint*** agus éifeachtacht agus intuarthacht dhlí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú; ***á chur i bhfios go láidir go bhféadfadh uirlisí IS tacú freisin le ceapadh beartas fianaisebhunaithe, le hiarrachtaí simpliúcháin agus le meastóireacht ex post ar reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear trí ualaí riaracháin díréireacha a dhéanann difear do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí a laghdú;*** ag cur béim, sa chomhthéacs sin, ar a thábhachtaí atá ***maoirseacht dhaonna láidir*** nuair a úsáidtear na huirlisí sin; ***á chur i bhfáth nár cheart córais IS a chur in ionad freagracht pholaitiúil ná cuntasacht dhaonlathach daoine riamh;***
Leasú 39	
Tairiscint i gcomhair rúin **Mír 13 a (nua)**	
Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13a. ***á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chun feidhme aonfhoirmeach, comhréireach agus comhleanúnach chreat IS an Aontais a áirithiú ar bhealach a thacaíonn leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas agus cearta bunúsacha chomh maith le cearta maoine intleachtúla agus rialacha cóipchirt á n-urramú go hiomlán ag an am céanna, agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo, oibleagáidí tuairiscithe forluiteacha agus bearta náisiúnta rórialála a sheachaint a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a ilroinnt agus bac***

	a chur ar uas-scálú réiteach iontaofa Eorpach IS;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
14. á iarraidh go ndéanfaí anailís ar fhorluí, ar bhearnaí agus ar neamhréireachtaí idir an iliomad ionstraimí reachtacha agus beartais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga agus a gcur chun feidhme chun ilroinnt a laghdú agus chun cur i bhfeidhm comhleanúnach a áirithiú ar fud réimsí earnála, lena n-áirítear cur chun feidhme institiúideach comhleanúnach;	14. á iarraidh go ndéanfaí anailís ar fhorluí, ar bhearnaí agus ar neamhréireachtaí idir an iliomad ionstraimí reachtacha agus beartais a bhaineann leis an Intleacht Shaorga agus a gcur chun feidhme chun ilroinnt a laghdú agus chun ***ualaí iomarcacha a sheachaint agus, an tráth céanna,*** cur i bhfeidhm comhleanúnach a áirithiú ar fud réimsí earnála, lena n-áirítear cur chun feidhme institiúideach comhleanúnach;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. á chur i bhfáth go bhféadfadh an obair anailíseach a dhéantar laistigh den Pharlaimint, lena n-áirítear ag Faireachlann AE um an Intleacht Shaorga de chuid Pharlaimint na hEorpa atá beartaithe, rannchuidiú le bearnaí trasearnála, forluí agus neamhréireachtaí i gcreat dlíthiúil níos leithne an Aontais Eorpaigh don Intleacht Shaorga a shainaithint;	***scriosta***
	(Aistrithe chuig mír 11 a)

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
16. á chur i bhfáth go bhféadfadh Faireachlann AE um an Intleacht Shaorga Pharlaimint na hEorpa rannchuidiú le faireachán a dhéanamh ar rialachas institiúideach, cuntasacht agus inmhínitheacht na hIntleachta Saorga agus ar impleachtaí na gcóras intleachta saorga arna n-imscaradh laistigh den institiúid, agus go bhféadfadh sí tacú le hobair leantach na Parlaiminte ar na conclúidí ábhartha ón gComhairle;	***scriosta***
	(Aistrithe chuig mír 11 b)

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 17

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
17. á iarraidh ar Chathaoirleach an Bhoird um Intleacht Shaorga cuireadh a thabhairt d'Fhaireachlann AE um an Intleacht Shaorga de chuidPharlaimint na hEorpa, a luaithe a bhunófar í, chuig cruinnithe an bhoird chun grinnscrúdú parlaiminteach agus comhleanúnachas idirinstitiúideach i mbeartas Intleachta Saorga an Aontais Eorpaigh a áirithiú;	***scriosta***

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
18. á chur i bhfios go láidir go bhfuil comhar neartaithe i réimse rialachas na hIntleachta Saorga idir ***an Pharlaimint***, na parlaimintí náisiúnta agus na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 70 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, bunriachtanach chun dea-chleachtas a mhalartú, chun comhleanúnachas reachtach a fheabhsú agus chun tacú le grinnscrúdú	18. á chur i bhfios go láidir go bhfuil comhar neartaithe i réimse rialachas na hIntleachta Saorga idir ***Parlaimint na hEorpa***, na parlaimintí náisiúnta agus na húdaráis inniúla náisiúnta, ***arna bhunú*** i gcomhréir le hAirteagal 70 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, bunriachtanach chun dea-chleachtas a mhalartú, chun comhleanúnachas reachtach a fheabhsú**,**

parlaiminteach ar imscaradh na hIntleachta Saorga ar fud an Aontais Eorpaigh;	***chun rannchuidiú le forluí agus rómhaorlathas nach bhfuil gá leis a shainaithint agus deireadh a chur leo,*** agus chun tacú le grinnscrúdú parlaiminteach ar imscaradh na hIntleachta Saorga ar fud an Aontais Eorpaigh;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 19

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
19. á iarraidh go ndéanfaí measúnú parlaiminteach córasach ar rioscaí a bhaineann leis an Intleacht Shaorga do phróisis dhaonlathacha, lena n-áirítear sláine toghcháin, agus go ***dtacódh Faireachlann AE um an Intleacht Shaorga de chuid Pharlaimint na hEorpa le faireachán a dhéanamh ar thoghcháin agus ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha***, ós rud é go ***ndéantar cumarsáid*** pholaitiúil, próisis toghcháin, dioscúrsa poiblí agus cinnteoireacht ***a mhúnlú níos mó agus níos mó ag an intleacht shaorga***;	19. á iarraidh go ndéanfaí measúnú parlaiminteach córasach ar rioscaí a bhaineann leis an Intleacht Shaorga do phróisis dhaonlathacha, lena n-áirítear sláine toghcháin, ***saoirsí bunúsacha agus an ceart chun príobháideachais,*** agus go ***dtabharfaí tacaíocht pharlaiminteach d'anailís a dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha IS a dhéanann difear do phróisis dhaonlathacha, lena n-áirítear úsáid IS sa chumarsáid pholaitiúil agus sa dioscúrsa poiblí***, ós rud é go ***bhfuil tionchar méadaitheach ag feidhmchláir atá cumhachtaithe ag IS ar chumarsáid*** pholaitiúil, próisis toghcháin, dioscúrsa poiblí agus cinnteoireacht***, lena n-áirítear trí dhomhainbhrionnuithe, trí na meáin shintéiseacha agus trí fheachtais chomhordaithe bhréagaisnéise; á chur i bhfáth gur gá oibleagáidí trédhearcachta an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a fhorfheidhmiú maidir le hábhar arna ghiniúint ag IS i ndáil leis sin; á aithint gur féidir le IS rannpháirtíocht dhaonlathach a fheabhsú freisin, rochtain ar fhaisnéis a fheabhsú agus ceapadh beartas fianaisebhunaithe a neartú, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá lena áirithiú go leanfaidh a úsáid de bheith trédhearcach, cuntasach agus comhsheasmhach le dlí an Aontais***;

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tástáil á déanamh de réir a chéile ar leordhóthanacht fhorálacha an Chonartha atá ann cheana lena rialaítear inniúlachtaí institiúideacha, cuntasacht dhaonlathach agus grinnscrúdú parlaiminteach mar gheall ar éabhlóid thapa thírdhreach rialachais an Aontais Eorpaigh, go háirithe mar fhreagairt ar an gclaochlú digiteach, ar an intleacht shaorga agus ar chreatasí rialála atá ag éirí níos casta;	21. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tástáil á déanamh de réir a chéile ar leordhóthanacht fhorálacha an Chonartha atá ann cheana lena rialaítear inniúlachtaí institiúideacha, cuntasacht dhaonlathach agus grinnscrúdú parlaiminteach mar gheall ar éabhlóid thapa thírdhreach rialachais an Aontais Eorpaigh, go háirithe mar fhreagairt ar an gclaochlú digiteach, ar an intleacht shaorga agus ar chreatasí rialála atá ag éirí níos casta ***agus, an tráth céanna, á thabhairt chun suntas gur gá trédhearacht a áirithiú agus castacht rialála a laghdú***;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21a. ***á chur i bhfáth, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, go léirítear an dul chun cinn tapa i bhforbairtí san intleacht shaorga ar an leibhéal rialála leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a glacadh le déanaí, nach bhfuil infheidhme go hiomlán go fóill agus nach bhfuil a thionchar le feiceáil go hiomlán go fóill; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil aghaidh á tabhairt freisin ar na forbairtí is déanaí san intleacht shaorga tríd an Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga, mar fhreagairt ar an ngá atá le forálacha áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a shimpliú agus a shoiléiriú trí bheart spriocdhírithe éagsúla chun cur chun feidhme tráthúil, rianúil agus comhréireach an Ghnímh sin a áirithiú; á thabhairt chun suntais go léirítear leis an Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Saorga gur gá oiriúnú do luas tapa na bhforbairtí san intleacht***

shaorga agus a áirithiú go gcothófar le creat dlíthiúil an Aontais timpeallacht éifeachtúil agus iomaíoch d'eagraíochtaí atá ag feidhmiú san Aontas; ag meabhrú an togra ar leithligh le haghaidh an Omnibus Dhigitigh lena soiléirítear tuilleadh an chaoi a bhféadfaí sonraí pearsanta a úsáid le haghaidh oiliúint agus forbairt na hintleachta saorga; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, gur gá an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an chuid eile de chreat reachtach digiteach an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus i gcás inar gá, é a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo, oibleagáidí tuairiscithe forluiteacha agus bearta náisiúnta rórialála á seachaint ag an am céanna, ar nithe iad a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a ilroinnt agus bac a chur ar uas-scálú réiteach iontaofa Eorpach IS; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cur chuige trédhearcach ina leith sin;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Pour Demain Europe TI 172933491707-16

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	24.6.2026		
Toradh na vótála críochnaithí	+	:	66
	-	:	0
	0	:	4

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

66	+
ECR	Alessandro Ciriani, Geadis Geadi, Paolo Inselvini, Assita Kanko, Georgiana Teodorescu, Maciej Wasik
NI	Erik Kalinák
PPE	Georgios Aftias, Krzysztof Brejza, Caterina Chinnici, Paulo Cunha, Lena Düpont, Loucas Fourlas, Ondrej Kolár, Marie-Sophie Lanig, Jeroen Lenaers, Verena Mertens, Ana Miguel Pedro, Emil Radev, Karlo Ressler, Bartlomiej Sienkiewicz, Tomas Tobé, Loránt Vincze, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Tomás Zdechovský
PfE	Jaroslav Bzoch, Mélanie Disdier, Marieke Ehlers, Catherine Griset, András László, Fabrice Leggeri, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche
Renew	Malik Azmani, Veronika Cifrová Ostrihonová, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Fabienne Keller, Moritz Körner, Michael McNamara, Marjan Sarec, Hilde Vautmans, Lucia Yar
S&D	Vytenis Povilas Andriukaitis, Francisco Assis, Katarina Barley, Hannes Heide, Alicia Homs Ginel, Evin Incir, Murielle Laurent, Ana Catarina Mendes, Birgit Sippel, Krzysztof Smiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan
The Left	Giuseppe Antoci, Pernando Barrena Arza, Gaetano Pedulla', Ilaria Salis
Verts/ALE	Jaume Asens Llodrà, Saskia Bricmont, Mélissa Camara, Markéta Gregorová, Leoluca Orlando, Tineke Strik

0	-

4	0
ESN	Alexander Sell, Milan Uhrík, Roberto Vannacci
PfE	Jorge Buxadé Villalba

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh